

-
- | | |
|--|--|
| 1. Cad is ainm duit?
Is mise <u>Séamas</u> .
Dia duit, a <u>Shéamais</u> . | What's your name?
I'm <u>James</u> .
Hi <u>James</u> . |
| 2. A <u>Shéamais</u> !
Sea? | <u>James</u> !
Yes? |
| 3. Conas tá tú?
Tá mé go maith.
Tá mé go breá.
Tá mé go hiontach.
Tá mé ar fheabhas.
Tá mé ceart go leor. | How are you?
I'm fine.
I'm great.
I'm wonderful.
I'm excellent.
I'm ok. |
| 4. Agus tú féin?

Tá mé go dona.
Tá mé tinn.
Tá mé tuirseach.
Tá mé ag coinneáil ag imeacht. | And yourself?

I'm doing badly.
I'm ill.
I'm tired.
I'm keeping on. |
| 5. Cad atá ort?

Tá tuirse orm.
Tá ocras orm.
Tá tart orm.
Tá slaghdán orm.
Tá an fliú orm.
Tá tinneas cinn orm.
Tá tinneas fiacaile orm.
Tá brón orm.
Tá biseach orm. | What's wrong with you?

I'm tired.
I'm hungry.
I'm thirsty.
I have a cold.
I have the flu.
I have a headache.
I have a toothache.
I'm sorry.
I'm better. |
| 6. Bhuel, caithfidh mé imeacht.
Slán agat.
Slán leat. | Well, I've got to go.
Goodbye (as you leave someone).
Goodbye (to someone leaving). |

Comhrá 1

S: Dia duit. Is mise Síle.

Cad is ainm duit?

D: Dia is Muire duit, a Shíle.

Is mise Dáithí.

Comhrá 2

T: Dia duit, a Mháire.

M: Dia is Muire duit, a Thomáis.

T: Conas tá tú?

M: Tá mé go maith, go raibh maith agat.

Comhrá 3

C: Dia duit, a Shéamais.

S: Dia is Muire duit, a Chaitlín.

C: Conas tá tú?

S: Tá mé go dona.

C: Cad atá ort?

S: Tá tinneas fiacaile orm.

C: Tá brón orm.

S: Bhuel, caithfidh mé imeacht.

C: Slán leat, a Shéamais.

S: Slán agat, a Chaitlín.

Comhrá 4

M: Dia daoibh. Is mise Mícheál.

D: Dia is Muire duit, a Mhíchíl.

Is mise Deirdre.

M: Agus cad is ainm duitse?

B: Is mise Brid.

Conas tá tú?

M: Tá mé ar fheabhas, buíochas le Dia.

Conas tá tú féin?

B: Tá mise go maith, ach tá Deirdre tinn.

D: Tá slaghdán agus tinneas cinn orm.

Conversation 1

Hello. I'm Sheila.

What's your name?

Hello, Sheila.

I'm David.

Conversation 2

Hello, Mary.

Hello, Tom.

How are you?

I'm fine, thanks.

Conversation 3

Hello, Jim.

Hello, Kathleen.

How are you?

I'm doing badly.

What's wrong with you?

I have a tootheache.

I'm sorry.

Well, I've got to go.

Goodbye, Jim.

Goodbye, Kathleen.

Conversation 4

Hello, I'm Michael.

Hello, Michael.

I'm Deirdre.

And what's your name?

I'm Bridget.

How are you?

I'm excellent, thank God.

How are you yourself?

I'm fine, but Deirdre's sick.

I have a cold and headache.

-
- | | |
|--|--|
| <p>1. A Bharra, a Eileen. Conas tá sibh?
Go maith. Agus tú féin, a Mháirín?
Go hana-mhaith.</p> | <p>Barra, Eileen. How are you?
Well. And yourself, Maureen?
Very well.</p> |
| <p>2. A Chiaráin!
A Aoife!
Cén chaoi a bhfuil tú?
Go maith. Agus tú féin?
Go han-mhaith.</p> | <p>Ciaran!
Aoife!
How are you?
Well. And yourself?
Very well.</p> |
| <p>3. Cad é mar atá tú, a Ghearóid?
Ceart go leor. Agus tú féin, a
Thriona.
Go maith, go raibh maith agat.</p> | <p>How are you Garrett?
Ok. And yourself, Trina?

Well, thank you.</p> |
| <p>4. Dia duit, a Oisín.
Dia is Muire duit, Jane.
Conas tá tú?
Tá mé go hana-mhaith. Agus tú
féin?
Go maith. Ó, tá an bus ag teacht.
Caithfidh mé imeacht. Slán agat.
Slán leat.</p> | <p>Hello, Ossian.
Hello, Jane.
How are you?
I'm very well. And yourself?

Well. Oh, the bus is coming.
I have to go. Goodbye.
Goodbye.</p> |
| <p>5. Dia duit, a Phádraig. Dia duit, a
Dheirdre.
Dia is Muire duit, a Chríostóir.</p> | <p>Hi Patrick. Hi Deirdre.

Hi Christopher.</p> |
| <p>6. Dia duit, a Shíle.
Dia is Muire duit, a Fhearghail.</p> | <p>Hi Sheila.
Hi Fergal.</p> |
| <p>7. Dia duit.
Dia is Muire duit.
Mise Gearóid.
Mise Sorcha.</p> | <p>Hello.
Hello.
I'm Garrett.
I'm Sally.</p> |
| <p>8. Oíche mhaith a stóirín.
Oíche mhaith a Dhaidí.</p> | <p>Good night, darling.
Good night, Daddy.</p> |